2023/2719

7.12.2023

CINNEADH (AE) 2023/2719 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Nollaig 2023

maidir le haitheantas coibhéise a dhaingniú i dtaca le táirgí orgánacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3(1) agus (2) d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') foráiltear maidir le haitheantas coibhéise frithpháirteach do dhlíthe agus rialachán an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe i dtaca leis na táirgí orgánacha a liostaítear i bhFoscríbhinní 14-A agus 14-B a ghabhann le hIarscríbhinn 14.

(2) Foráiltear le hAirteagal 3(3) d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, i bhfianaise dháta chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), go ndéanfar athmheasúnú ar an aitheantas coibhéise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin faoin 31 Nollaig 2023.

(3) In Airteagal 5(1), pointe (a), de Chinneadh (AE) 2021/689, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún cinneadh a dhéanamh, thar ceann an Aontais, chun an t-aitheantas coibhéise a dhaingniú nó a chur ar fionraí tar éis athmheasúnú na coibhéise atá le déanamh faoin 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le hAirteagal 3(3) d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

(4) Phléigh na Páirtithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair an t-ábhar ag an dara agus an tríú cruinniú den Choiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil an 24 Deireadh Fómhair 2022 agus an 18 Deireadh Fómhair 2023. Rinne na páirtithe plé teicniúil le linn 2023 agus tugadh i gcrích é an 28 Meán Fómhair 2023.

(5) Rinne an Coimisiún an measúnú ar dhlíthe agus rialacháin na Ríochta Aontaithe maidir le táirgí orgánacha dá bhforáiltear in Airteagal 3(3) d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Tar éis an mheasúnaithe sin agus an phlé a rinneadh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil dlíthe agus rialacháin na Ríochta Aontaithe maidir le táirgí orgánacha coibhéiseach le Rialachán (AE) 2018/848 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a glacadh dá bhun.

(6) Cuireadh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi thorthaí an mheasúnaithe ón gCoimisiún,

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/689/oj.
([2]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na táirgí a liostaítear i bhFoscríbhinn 14-A a ghabhann le hIarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, deimhníonn an tAontas go bhfuil dlíthe agus rialacháin na Ríochta Aontaithe a liostaítear i bhFoscríbhinn 14-C a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin coibhéiseach le Rialachán (AE) 2018/848 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a glacadh dá bhun, gníomhartha a cuireadh in ionad na ndlíthe agus na rialachán a liostaítear i bhFoscríbhinn 14-D a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tabharfar fógra don Ríocht Aontaithe faoi sheasamh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 sa Choiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN